[View in browser](#)

02 Meitheamh 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 99










## TÉARMAÍOCHT AN TSAMHRAIDH

Tá ceardlanna teanga á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh deis ag rannpháirtithe níos mó a fhoghlaim faoi fhoclóir agus téarmaíocht an tSamhraidh agus na laethanta saoire ag teannadh linn. Cuirfear tús leis na ceardlanna ar an Luan 13ú Meitheamh @ 6i.n. agus leanfar chuile sheachtain go dtí 27ú Meitheamh. In Inis Fáil, An Spidéal a bheas na ceardlanna ar siúl faoi stiúir Nóra Seoighe. Le clárú is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com

## FOLÚNTAS DO CHÚNTÓIR SIOPA

Tá **Comharchumann Shailearna Teo.** ag lorg duine cruthaitheach do phost páirtaimseartha samhraidh mar Chúntóir Siopa. Beidh an té a éiríonn leis/léi ag obair sa siopa ar an gCnoc trasna an bhóthair ón séipéal. 19.5 uair in aghaidh na seachtaine a bheas ar fáil, ar an Déardaoin, Aoine agus Satharn. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a bheas ag obair sa siopa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi shonraí an phoist tré ríomhphost a sheoladh chuig sailearna@gmail.com Ba cheart litir iarratais chomh maith le CV a sheoladh

roimh 5 i.n. ar an gCéadaoin 8 Meitheamh 2022 chuig An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

## CEARDLANN D'FHOGHLAIMEOIRÍ LE FIGHTING WORDS

Beidh ceardlann sa scríbhneoireacht chruthaitheach á reáchtáil ag *Fighting Words* i gcomhpháirt le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Déardaoin 9ú Meitheamh @ 7:30 in Inis Fáil, An Spidéal. Tugann *Fighting Words* deis do dhaoine scéalta cruthaitheacha a chumadh agus a scríobh ar bhealach taitneamhach agus spraíúil. Is féidir clárú don imeacht ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294




## OÍCHE AIRNEÁIN CHOLMCILLE

Tá oíche airneáin Cholmcille á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh saol agus seanchas Cholmcille á phlé ag Máirín Mhic Lochlainn, an tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha, An Dr. Pádraig Ó Héalaí agus an tOllamh Lillis Ó Laoire ar an oíche agus beidh ceol binn le cloisteáil ó Cheoltóirí Óga Chois Fharraige.




Cuirfear tús le cúrsaí @ 8i.n. ar an gCéadaoin 8ú Meitheamh i bPOTA Café, Indreabhán. Bealach deas le tús a chur le ceiliúradh Cholmcille roimh Lá an Phatrúin ar an Déardaoin 9ú Meitheamh.

## DAOINE BREISE AG TEASTÁIL

Tá daoine breise ag teastáil don chlár teilifíse **Saol Ella**. Déagóirí agus daoine óga fásta atá ag teastáil go háirithe ach tá fáilte roimh chách iarratas a dhéanamh, ar ndóigh. Ní mór d'ainm, d'aois, d'áit chónaithe chomh maith le sonraí teagmhála agus grianghraf úrnua a sheoladh chuig extrasgalway@gmail.com le hiarratas a dhéanamh. Beidh an clár 'Saol Ella' á thaifeadadh sa Spidéal i rith mí an Mheithimh agus mí Iúil.

## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana le gairid. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách!


## SÁR-SCOLÁIRE NA BLIANA: COLÁISTE CHOLMCILLE

Rinne Coláiste Cholmcille ceiliúradh ar rang na hArdteiste 2022 an tseachtain seo caite. Bronnadh Sár-Scoláire na Bliana ar Chonor Mac Eochagáin as an gCaisleán in Indreabhán. Seo mar a rinne Conor cur síos ar a thréimhse sa scoil: D'fhreastail mé ar Choláiste Cholmcille le sé bliana anuas. Sé bliana iontacha a bhí agam ann. D'oibrigh mé crua ach bhí laethanta spraíúla agam ann chomh maith. Tá go leor rudaí a sheasann amach i rith mo chuid ama sa scoil, an turas a thug muid ar an Iodáil agus mé san idirbhliain agus laethanta eile ag dul go Baile Átha Cliath chun cluichí sacair a fheiceáil i Staid an Aviva. Mar aon leis sin, tá na múinteoirí fíor chairdiúil, tugann siad go leor cúnaimh i gcónaí. Tá atmaisféar na scoile an-mhaith agus réitíonn na scoláirí go maith lena chéile. Is fíor a rá gur bhain mé an-taitneamh as mo chuid ama sa scoil agus beidh brón orm ag fágáil.




## SIAMSÁN NA NÓG: IÓGA DO THEAGHLAIGH

Tá seisiún ióga do theaghlaigh á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhar le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Satharn 11 Meitheamh @ 11r.n. Ionad Chomhlachta Forbartha an Spidéil - taobh thiar de Chló Iar-Chonnacht - a bheas sé ar siúl. Beidh an seisiún feiliúnach do ghasúir 6-11 bhliain. Iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré ach teagmháil a dhéanamh le meadhbh@tuismitheoiri.ie nó is féidir glaoch a chur ar Mhéadhbh 091 869 571




Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite